Postchóid Nua don Tír

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phleananna postchóid a thabhairt isteach ar fud na tíre. Féach ar an tuairisc uair amháin agus pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an tuairisc féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo – an dtuigeann sibh iad?

inmheánach	molta	
méadú		daonra
	ar chomhchéim le	beart
éifeachtach	ag tóraíocht	
	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	

Ceist 3 Féach ar an tuairisc don dara huair. An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach?

1.Tá An Post ag brath ar chóras nua postchóid. **Fíor/Bréagach**

2. Socraíodh Baile Átha Cliath a roinnt i gceithre cheantar poist is fiche i ndeireadh na seascaidí. **Fíor/Bréagach**

3. Is í Éire an t-aon tír san Aontas Eorpach nach bhfuil postchóid inti. **Fíor/Bréagach**

4. Ceapann Josie Ó Flátharta go ndéanfaidh na postchóid an saol níos deacra do thiománaithe tacsaí. **Fíor/Bréagach**

5. Ní fháiltíonn na Gardaí roimh an chóras nua postchód. **Fíor/Bréagach**

Ceist 4 '*Tá pleananna á ndéanamh . . '*

Cuir *séimhiú* nó *urú* roimh na briathra atá idir lúibíní nó fág mar atá siad sna habairtí thíos:

1. Tá an dinnéar á (déanamh) _____ agam!
2. Tá na málaí ar fad á (cur) _____ isteach sa ghluaisteán anois aige.
3. Is iomaí uair daoine óga ar meisce agus an iomarca á (ól) _____ acu.
4. Go minic bíonn an obair á (déanamh) _____ aici a fhad is atá sí ag éisteacht leis an raidió.

5. Tá pleananna agus moltaí á (cur) _____ le chéile.
6. Tá na scannáin Ghaeilge á (déanamh) _____ anois ar an chaighdeán céanna leis na scannáin Bhéarla.

Ceist 5 Ceangal na focail ar chlé leis na focail a chiallaíonn an mhalairt ar dheis:

seachtrach:	*beag*
cáinte:	*inmheánach*
mór:	*níos simplí*
laghdú:	*éifeachtach*
neamhéifeachtach:	*cinnte*
níos deacra:	*méadú*
éiginnte:	*molta*

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cuir na focail ar dheis thuas in abairtí lena mbrí a léiriú.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An scríobhann tú féin litreacha nó an scríobhann tú ríomhphoist amháin?
An bhfuil córas na bpostchód ag teastáil sa tír, dar leat?
Ar sheol tú cárta ar bith an Lá le Vailintín seo a chuaigh thart?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le plé sula gcuirtear an mhír ar siúl.

Ceist 2

Inmheánach:	**internal**
molta:	**advised/praised**
méadú:	**increase**
daonra:	**population**
ar chomhchéim le:	**on a par with**
beart:	**bundle**
éifeachtach:	**effective**
ag tóraíocht:	**searching**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte:	**Health Service Executive**

Ceist 3
1. Bréagach
2. Fíor
3. Fíor
4. Bréagach
5. Bréagach

Ceist 4
1. Tá an dinnéar á **dhéanamh** agam!
2. Tá na málaí ar fad á **gcur** isteach sa ghluaisteán anois aige.
3. Is iomaí uair daoine óga ar meisce agus an iomarca á **ól** acu.
4. Go minic bíonn an obair á **déanamh** aici a fhad is atá sí ag éisteacht leis an raidió.
5. Tá pleananna agus moltaí á **gcur** le chéile.
6. Tá na scannáin Ghaeilge á **ndéanamh** anois ar an chaighdeán céanna leis na scannáin Bhéarla.

Ceist 5

seachtrach:	*inmheánach*
cáinte:	*molta*
mór:	*beag*
laghdú:	*méadú*
neamhéifeachtach:	*éifeachtach*
níos deacra:	*níos simplí*
éiginnte:	*cinnte*

Tabhair seans do na foghlaimeoirí ansin na focail i gcló Iodálach, ar dheis, a chur in abairtí.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá pleananna á ndéanamh faoi láthair mar chuid de chlár an rialtais postchóid a thabhairt isteach ar fud na tíre. Ní fios fós cén uair a thiocfaidh sé seo i bhfeidhm. Níl An Post ag brath ar chóras den chineál seo mar a deir siad – mar go bhfuil córas inmheánach dá gcuid féin acu. Ach deir siad, go bhfáilteoidh siad roimh an gcóras nua molta seo. Tá tuilleadh faoin scéal ag Áine Lally.

Áine Lally
Tá radharcanna den chineál seo le feiceáil ar fud na hÉireann le fada an lá. Is tír sách beag í seo agus roimhe seo ní raibh gá le postchóid ó cheann ceann na tíre. Ach ag deireadh na seascaidí nuair a tháinig méadú ar dhaonra Bhaile Átha Cliath socraíodh an phríomhchathair a roinnt i gceithre cheantar poist is fiche. Mar shampla, tá sráid Addison suite i gceantar D3. Ní raibh aon phostchóid ná aon cheantar-chóid luaite le haon áit eile in Éirinn, ach is cosúil go bhfuil athrú le teacht air seo. Faoi láthair tá moltaí agus pleananna á gcur le chéile a bheidh le cur os comhair na Roinne Cumarsáide chun postchóid a thabhairt isteach ar fud na tíre, is í *Éire an t-aon tír san Aontas Eorpach nach bhfuil postchóid inti agus caithfear postchóid a thabhairt isteach chun Éirinn a thabhairt ar chomhchéim le tíortha eile san Aontas.

Láimhseálann An Post suas le seacht gcéad caoga milliún beart litreach sa bhliain. Deir urlabhraí ó An Post go bhfuil córas éifeachtach dá gcuid féin acu, agus nach bhfuil siad ag brath ar phostchóid nua. Ach deir siad go bhfáilteodh siad roimh an gcóras nua.

- Dia duit tráthnóna
- An féidir liom tacsaí *a bhookáil*?

Tá tuairimí áirithe ag eagraíochtaí éagsúla faoi na poistchóid atá molta.

Josie Ó Fátharta, Tiománaí Tacsaí
Bhuel ceapaim go ndéanfaidh sé rudaí níos simplí do chuile dhuine againne atá ag obair mar atá muid anseo, an bhfuil a fhios agat, ag dul timpeall ag tóraíocht áiteanna, mar a déarfá, mar beidh cineál uimhir ar chuile theach anois, agus beidh sé níos éasca iad d'fháil nuair a bheidh a fhios agat an seoladh. Mar faoi láthair tá sé an-éasca iad a d'fháil measctha suas.
Bhuel, ní hamháin go gcuideoidh sé linn féin ar nós tiománaithe tacsaí, mar a deir mé, agus cuideoidh sé leis an dream a bhíonn ag tiomáint na n-otharcharr, agus na dóiteán, bhfuil a fhios agat, agus na Gardaí, agus daoine a bhíonn ag déileáil leis an bpobal ó lá go lá, tabharfaidh sé cuidiú chomh maith dóibh.

Áine Lally
Deir na Gardaí go bhfáiltíonn siad roimh aon chóras a chuideodh leo seoltaí a aimsiú. Ní raibh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ábalta ráiteas a chur chugainn faoi na postchóid nua inniu. Deir an Roinn Cumarsáide go bhfuil súil acu go gcuirfear na moltaí faoin gcóras postchóid nua os comhair an rialtais go gairid. Ní fios go cinnte cén uair a gcuirfear an córas nua seo i bhfeidhm.
Áine Lally, Nuacht TG4 i nGaillimh.

**Éirinn* a deirtear, agus glactar leis sa chaint